# 14. Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht

## 14.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, leis seo tugtar cothrom le dáta Caibidil 14 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála le faomhadh i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar chead don N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) ("Iarratas Alt 51"). Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr siad (sa bhreis ar roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an '*Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Thabhairt Cothrom le Dáta'*. Soláthraítear breithmheas inti ar an Tionscadal faoin gceannteideal sócmhainní ábhartha – talmhaíocht. I gcás ina raibh athruithe ar an measúnacht agus/nó ina bhfuil sé tugtha cothrom le dáta ó TMTT 2018 i leith, leagadh iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Sa chaibidil seo leagtar amach an mhodheolaíocht atá á leanúint (Cuid 14.2), cuirtear síos ar an timpeallacht ghlactha (Cuid 14.3), agus déantar achoimre ar phríomh-shaintréithe an Tionscadail a bhaineann le sócmhainní ábhartha – talmhaíocht (Cuid 14.4). Cuirtear síos ar mheasúnú thionchair an Tionscadail ar shócmhainní ábhartha-talmhaíocht (Cuid 14.5). Moltar bearta chun na tionchair sin a mhaolú (Cuid 14.6) agus cuirtear síos ar thionchair iarmharacha (Cuid 14.7). Tá measúnacht charnach san áireamh i gCuid 14.8 agus críochnaíonn an chaibidil le hachoimre (Cuid 14.9) agus cuid tagartha (Cuid 14.10).

Sa chaibidil seo úsáideadh an fhaisnéis a bailíodh le linn na staidéar ar shrianta agus roghnuithe bealaí don N6 GCRR atá beartaithe, le linn na staidéar lenar múnlaíodh TMTT 2018, don Fhreagairt ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise in 2019 agus don éisteacht ó bhéal in 2020; i dteannta sonraí a bailíodh le linn cuairteanna láithreáin a rinneadh in 2023/2024 leis an mbreithmheas tionchair sócmhainní ábhartha – talmhaíocht seo a mhúnlú. Rinneadh breathnú i gCodanna 4.12, 6.5.7 agus 7.6.7 den Tuarascáil um Roghnú Bealaigh ar na srianta ar na sócmhainní ábhartha – talmhaíocht laistigh de limistéar staidéir na scéime agus rinneadh comparáid iontu idir tionchair fhéideartha na sócmhainní ábhartha – talmhaíocht maidir leis na roghanna bealaigh atá beartaithe faoi seach. Chuir na codanna sin den Tuarascáil ar Roghanna Bealaí le dearadh N6 GCRR atá beartaithe, dearadh ar pháirt mhór é den Tionscadal ar a dtugtar breithmheas sa chaibidil seo.

Baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a thabhairt cothrom le dáta:

- an cur síos ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair chun athruithe beaga, sa bhonnlíne mar gheall ar fhorbairtí tithíochta lonnaithe ar ocht ndáileacht talún talmhaíochta a chur san áireamh
- chun athruithe ar threoir an EPA maidir le ullmhú TMTT, athruithe ar fhaisnéis staidrimh talmhaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh atá ábhartha don limistéar staidéir agus Beartas Talmhaíochta Comónta nua a tugadh isteach don tréimhse 2023 go 2027 a chur san áireamh. Tagann an mhodheolaíocht i measúnacht 2018 go dlúth le treoirlínte nuashonraithe an EPA (2022) agus dá bhrí sin níl aon athrú ar an modheolaíocht a úsáidtear sa TMTT nuashonraithe seo. Úsáidtear torthaí an áirimh talmhaíochta is déanaí in 2020 sa TMTT nuashonraithe seo. I gcomparáid le torthaí Áireamh Talmhaíochta 2010 a úsáideadh in TMTT 2018, ní chuirtear in iúl i bhfaisnéis chothrom le dáta seo na Príomh-Oifige Staidrimh aon athruithe suntasacha i gcineálacha nó i méideanna feirme atá ábhartha don limistéar staidéir. Ní éilítear i rialacha nua an Bheartais Talmhaíochta Chomónta modheolaíocht athbhreithnithe measúnachta mar, cosúil leis an mBeartas Talmhaíochta Comónta roimhe seo, baineann cineálacha tionchair go príomha le húsáid talún agus laghdú in achar talún
- Aguisíní A.14.1 agus Fíoracha 14.1.1 go 14.1.15 chun athruithe ar sheilbh talún a chur san áireamh
- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

## 14.2 Modheolaíocht

### 14.2.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an chaibidil nuashonraithe seo agus aird á tabhairt ar na treoirlínte caighdeánacha um measúnacht chomhshaoil a d'fhoilsigh EPA in 2022 agus baintear úsáid inti chomh maith as na treoirlínte chun teacht ar shuntasacht an tionchair mar atá pléite in *Design Manual for Roads and Bridges* de chuid an UK Highway Agency. Is foinsí faisnéise caighdeánacha iad na cinn dá dtagraítear i gCuid 14.2.3 le haghaidh measúnacht tionchair talmhaíochta d'fhorbairtí bóthair nua.

### 14.2.2 Reachtaíocht agus Treoirlínte

Chuathas i muinín na dtreoirlínte seo a leanas agus an chaibidil nuashonraithe seo á hullmhú agus á scríobh:

- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (2018) (Pleanáil agus Forbairt) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta). (Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú)
- Treoirlínte ar an bhfaisnéis le bheith sna Tuarascálacha Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EPA, deireanach Bealtaine 2022)

### 14.2.3 Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin

Tá cur síos déanta ar na foinsí faisnéise a thacaíonn leis an mbreithmheas tionchair seo i dTábla 14.1 thíos agus athbhreithníodh agus tugadh cothrom le dáta é nuair is gá don TMTT cothrom le dáta seo. Úsáidtear Sonraí Áireamh Talmhaíochta 2020 in ionad Áireamh 2010 a úsáideadh chun treoir a thabhairt don mheasúnacht a chuirtear i láthair in TMTT 2018.

**Tábla 14.1 Na foinsí sonraí a úsáideadh don Mheasúnacht Talmhaíochta**

| Faisnéis | Foinse Sonraí |
|---|---|
| Staitrimh Talmhaíochta | • Áireamh Talmhaíochta 2020[1] ón bPríomh-Oifig Staidrimh – úsáideadh é chun sonraí cúlra a sholáthar maidir le meánmhéid agus meascán fiontar na bhfeirmeacha i gContae na Gaillimhe<br>• An Phríomh-Oifig Staidrimh, meánbharra ó 2008 – 2023[2], sonraí Teagasc le haghaidh táirgeacht féir ag Coláiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis (2008 – 2021)[3], sonraí fáis féir Lyons COBÁC ó 2016 – 2022[4]. |
| Ithreacha | • Córas Faisnéise Ithreacha Teagasc[5]<br>• 'Léarscáil Ghinearálta Ithreacha na hÉireann' (1980)<br>• Suirbhé gaothscáthanna, ortafótagrafaíocht, agus suirbhéanna feirme |
| Sonraí talamhúsáide agus feirme | • Sonraí mapála chlárlann na talún<br>• Agallaimh ar fheirmeoirí<br>• Suirbhéanna gaothscátha<br>• Ortafótagrafaíocht - úsáidtear é mar chabhair chun leagan amach feirmeacha agus cáilíocht na talún a scrúdú |

[1] Is é Áireamh Talmhaíochta 2020 an suirbhé is déanaí ina dtugtar sonraí maidir le cineálacha agus méid feirme agus fiontair de réir an Chontae; ar fáil ag https://www.cso.ie/en/statistics/agriculture/censusofagriculture/ arna rochtain ar an 02/07/2024.

[2] An Phríomh-Oifig Staidrimh (2023), Ar fáil https://www.cso.ie/en/statistics/agriculture/areayieldandproductionofcrops/; Arna rochtain ar an 02/07/2024

[3] Teagasc (2022) Ar fáil ag Feirm Dhéiríochta Thaighde Béal Átha hÉis 'https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2022/Ballyhaise-Dairy-Research-Farm.pdf - grass yield 2011 – 2020, Arna rochtain ar an 02/07/2024

[4] COBÁC, 2022, Tábla 4, Lyons Systems Herd Annual Report 2022 https://www.ucd.ie/agfood/t4media/UCD%20Systems%20Herd%20Annual%20Report%202022%20Final%20Published%20.pdf

[5] Teagasc, 2024 ar fáil ag http://gis.teagasc.ie/soils/soilguide.php; Arna rochtain ar an 02/07/2024

Cuireadh litir chomhairliúcháin chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Samhain 2016.

#### *14.2.3.1 Teorainneacha Teicniúla*

Rinneadh na measúnachtaí tionchair talmhaíochta a cuireadh i láthair in TMTT 2018 ó Eanáir 2016 go Nollaig 2017 le linn thréimhse an Bheartais Talmhaíochta Chomónta 2015 – 2019. Síneadh an Beartas sin go 2022 sular thángthas ar chomhaontú idir Ballstáit AE maidir le maoiniú thréimhse reatha an Bheartais 2023 – 2027. Cé gur fhan na bunchleachtais bhainistíochta atá i gceist le táirgeadh beostoic agus barr mar an gcéanna, bhí mórán athruithe i scéimeanna íocaíochta tacaíochta limistéar-bhunaithe feirmeora ó 2022 i leith. Mar shampla, tugadh isteach an scéim nua comhshaoil ACRES agus tá coinníollacha breise ann i dtaca le reachtaíocht um Chosaint Uisce. Tá rialacha nua ann i dtaca le cáilitheacht scrobarnaí le haghaidh íocaíochtaí limistéar-bhunaithe.

Rinne an t-údar athmheasúnú ar gach ceann de na measúnachtaí tionchair aonair chun a chur san áireamh conas a fhéadfaidh an N6 GCRR a bheartaítear tionchar a imirt ar comhlíonadh na n-agraiscéimeanna nua agus na timpeallachta talmhaíochta atá ann agus níl aon athruithe i dtorthaí na measúnachtaí don TMTT nuashonraithe seo.

In 2016 – 2017 bhí an t-údar ábalta teagmháil dhíreach a dhéanamh le húinéirí talún i dtaca le 145 dáileacht talún[6] (74%) as 195 gabháltas talún talmhaíochta ar an iomlán a dtéann an Tionscadal i gcion go díreach orthu. Rinneadh athchigireacht amhairc ar na dáileachtaí talún úinéara talún in 2024 chun an úsáid talún a fhíorú. D'athraigh trí cinn de na gabháltais talún talmhaíochta go forbairtí cónaithe ó laghdaigh TMTT 2018 an líon gabháltas talún talmhaíochta go 192.

I gcás nach rabhthas ábalta teagmháil dhíreach a dhéanamh le húinéirí talún baineadh úsáid as na foinsí faisnéise seo a leanas:

- Suirbhéanna fuinneog cois bóthair
- Scrúdú ar aerfótagrafaíocht
- Tagairt d'fhoinsí faisnéise deisce eile amhail Mapáil Chlárlann na Talún, staidreamh CSO le haghaidh Sonraí Digiteacha Ithreacha Chontae na Gaillimhe

Ba leor na sonraí a bhí ar fáil don bhreithmheas tionchair talmhaíochta feadh an Tionscadail ar fad.

### 14.2.4 An Limistéar staidéir agus Bailiú Sonraí Bonnlíne

Cuimsíonn an limistéar staidéir 192 dáileacht talún talmhaíochta (laghdaithe ó 195 in TMTT 2018) a dtéann an Tionscadal i gcion orthu go díreach, achar iomlán thart ar 1,078 heicteár, laghdú ón 1,096 heicteár in TMTT 2018 mar gheall ar athruithe ar úsáid talún ó thailte talmhaíochta go forbairt cónaithe. Léirítear suíomh na ndáileachtaí talún sin i bhFíoracha 14.1.1 go 14.1.15, atá tugtha cothrom le dáta ó rinneadh TMTT 2018, agus síneann sé ó na Foraí Maola in iarthar an limistéir staidéir go dtí Cúil Each san oirthear. De bharr na gaireachta don chathair atá ag méadú tá a lán gabháltais ilroinnte níos lú ann agus ciallaíonn sé sin mar aon le droch-cháilíocht talún (go háirithe siar ó Abhainn na Gaillimhe) go bhfuil íogaireacht na talmhaíochta feadh an Tionscadail íseal (tá 48% de dháileachtaí talún a bhfuil íogaireacht íseal nó an-íseal ag baint leo). Chuir an t-údar agallaimh ar úinéirí talún agus rinneadh suirbhéanna ar an láithreán i mí Eanáir 2016 – Nollaig 2017. Nuair ab fhéidir cuireadh agallamh ar úinéirí talún agus iarradh orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfiontar feirmeoireachta, ar an dóigh a bhfuil an talamh á húsáid, an dóigh a bhfuil rochtain á soláthar agus gnéithe íogaire ar a bhfeirmeacha amhail clóis feirme, toibreacha/fuaráin agus raonta agus geataí rochtana a shainaithint. Faoi mar a shonraítear roimhe seo, rinneadh athchigireacht amhairc in 2024 chun an úsáid talún a fhíorú.

### 14.2.5 Modheolaíocht don Mheasúnú Tionchair

Is ionann an mhodheolaíocht mheasúnaithe chun treoir a thabhairt don chaibidil nuashonraithe seo agus an ceann sin a úsáidtear chun treoir a thabhairt do TMTT 2018. Tá an méid seo a leanas i gceist le measúnú ar thionchair thalmhaíochta:

[6] I gcás nach rabhthas ábalta teagmháil dhíreach a dhéanamh scríobh an sainchomhairleoir talmhaíochta litir chuig an úinéir talún.

1. Measúnú ar an timpeallacht bhonnlíne, na cineálacha feirme agus íogaireacht na bhfeirmeacha aonair feadh an Tionscadail
2. Measúnú ar chineál agus ar mhéid na n-éifeachtaí ar gach feirm agus na dtionchar ar an bhfeirmeoireacht go comhchoitianta feadh an Tionscadail agus laistigh de Chontae na Gaillimhe
3. I ndiaidh breathnú a dhéanamh ar íogaireacht na timpeallachta bonnlíne agus méid na n-éifeachtaí, déantar suntasacht an tionchair a thuar do na nithe seo a leanas:
   a. gach dáileacht talún lena mbaineann feadh an Tionscadail
   b. talmhaíocht go comhchoitianta feadh an Tionscadail (i.e. go háitiúil laistigh den limistéar staidéir)
   c. an fheirmeoireacht laistigh de Chontae na Gaillimhe (i.e. go réigiúnach)

Tá cur síos déanta ar na trí ghné sin den mhodheolaíocht i gCodanna 14.2.5.1, 14.2.5.2 agus 14.2.5.3. Tá sé tábhachtach a shonrú go ndéantar measúnú sa bhreithmheas talmhaíochta seo ar na hathruithe a tharlódh don timpeallacht fhisiciúil talmhaíochta agus glactar ann, toisc go ndéantar úinéirí talún a chúiteamh as caillteanais airgeadais inchurtha, nach n-athróidh a stádas airgeadais.

#### *14.2.5.1 Measúnú ar íogaireacht feirmeacha*

Tá an mhodheolaíocht le haghaidh íogaireacht feirmeacha a mheasúnú agus na critéir i dTábla 14.2 de réir TMTT 2018. Déantar gach dáileacht talún a mheasúnú chun a híogaireacht a dhearbhú ar bhonn na gcritéar atá léirithe i dTábla 14.2 thíos den chuid is mó. Fuarthas na critéir seo ó thaithí an údair féin sa mheasúnacht agra-chomhshaoil agus tá siad de réir TMTT 2018 agus is iad tuairim an údar fós iad bunaithe ar a thaithí amhail ó dháta an TMTT nuashonraithe seo.

**Tábla 14.2 Critéir maidir le haicmiú íogaireachta feirmeacha**

| Cineál Fiontair Feirme | Íogaireacht |
|---|---|
| Graífheirm, ionad Eachaíochta | Ard - An-Ard |
| Feirm dhéiríochta, dianfhiontair eachaithe | Ard |
| Fiontair bheostoic fhéaraigh neamhdhéiríochta (lena n-áirítear mairteoil, caoirigh agus fiontar curtha féir | Meánach |
| Curaíocht | Meánach |
| Féarach Garbh, Portach, Foraoiseacht, Coillearnach (i gcás go gcuireann droch-cháilíocht talún srian ar chleachtais feirmeoireachta) | Íseal - An-Íseal |

Tá gach breithmheas íogaireachta faoi réir breithiúnas gairmiúil agus measúnú ar thosca eile sainiúil don láthair amhail an cháilíocht talún agus tábhacht an fhiontair.

#### *14.2.5.2 **Measúnú ar mhéid an tionchair***

Tá an mhodheolaíocht chun méid an tionchair a mheasúnú agus na critéir le haghaidh mheasúnú mhéid an tionchair (Tábla 14.3) de réir TMTT 2018. Déantar méid an tionchair fhéideartha a mheasúnú tríd an athrú ar an bhfeirm lena mbaineann nó ar an talmhaíocht feadh bhealach an Tionscadail a thuar. Mar shampla, má thógann an Tionscadal 10% d'fheirm féaraigh lena mbaineann, is féidir a thuar go rachfar i gcion ar thart ar 10% den táirgeacht féir ón bhfeirm. Chun méid an tionchair a chainníochtú, déantar gnáth-threochtaí bonnlíne (féach Tábla 14.2.1 le haghaidh foinsí sonraí) sa timpeallacht talmhaíochta a scrúdú agus a léirmhíniú ag baint úsáid as breithiúnas gairmiúil an údair.

Idir 2014 agus 2023[7], ba é an mheánéagsúlacht ón mheántáirgeacht deich mbliana le haghaidh eorna an earraigh agus chruithneacht an gheimhridh ná 7.9% agus 8.6% faoi seach. Is é sin le rá, is féidir le feirmeoir a bheith ag súil le héagsúlacht táirgeachta thart ar 8% bunaithe ar threochtaí táirgeachta bonnlíne. Idir 2018 and 2022 is é an éagsúlacht i dtáirgeacht féir thart ar 6.5% in aghaidh na bliana[8]. Dá bhrí sin, meastar go gcruthóidh na tionchair (amhail tógáil talún) a mbeidh athrú ó 2.5% go 5% sa táirgeacht de thoradh orthu tionchar de mhéid íseal ar an bhfeirm agus tá siad cosúil leis na treochtaí bonnlíne nádúrtha sa táirgeacht agus meastar go bhfuil méid íseal acu. Nuair a bhíonn méid chaillteanas na táirgeachta idir 5% agus 10% tosaítear ag sárú na dtreochtaí bonnlíne nádúrtha agus meastar go bhfuil sé meánach. Meastar go bhfuil éifeachtaí táirgeachta a sháraíonn 10% ina thionchar de mhéid ard. Téann tosca eile i gcion ar mhéid an tionchair amhail, scaradh nó deighilt na talún, fad an tionchair, cáilíocht na talún lena mbaineann agus an tionchar ar chlóis feirme agus ar shaoráidí eile ar an bhfeirm. I dTábla 14.3 léirítear na critéir a úsáidtear chun méid an tionchair a chur in iúl agus tá gach measúnacht faoi réir breithiúnas gairmiúil.

**Tábla 14.3 Critéir tháscacha maidir leis an measúnacht ar mhéid an tionchair**

| Critéir Tháscacha | Méid an Tionchair |
|---|---|
| • Cion ard den talamh tógtha ar bhonn buan (e.g. >10%)<br>• Cion ard den fheirm deighilte ar bhonn buan (e.g. > 15%)<br>• D'fhéadfaí tionchar buan a bheith ar fhoirgnimh feirme nó ar fhoinsí uisce | Ard - An-Ard |
| • Cion meánach den fheirm tógtha ar bhonn buan (e.g. 5% - -10%)<br>• Cion meánach den fheirm deighilte ar bhonn buan (e.g. 7% -15%)<br>• D'fhéadfaí tionchar a bheith ar fhoirgnimh feirme nó ar fhoinsí uisce ach d'fhéadfaí iad a athsholáthar<br>• Tionchair (tógála) shealadacha a mbaineann éifeachtaí fadtéarmacha leoMeánach | Cion beag den fheirm tógtha ar bhonn buan (e.g. |
| • 2.5% - 5%)<br>• 2.5% - 7%)<br>• Gan tionchar ar fhoirgnimh feirme nó ar fhoinsí uisce go ginearálta ach má bhíonn d'fhéadfaí iad a athsholáthar<br>• Tionchair (tógála) shealadacha a mbaineann éifeachtaí meántéarmacha leo | Íseal |
| • Cion an-bheag den fheirm tógtha ar bhonn buan (e.g. <2.5%).<br>• Cion an-bheag den fheirm deighilte ar bhonn buan (e.g. <2.5% den fheirm).<br>• Tionchair (tógála) shealadacha nach mbaineann éifeachtaí iarmharacha leo | Diomaibhseach – An-Íseal |

Go ginearálta beidh méid íseal nó an-íseal ag na tionchair a tharlóidh le linn na céime tógála mar gheall ar an tréimhse ghairid (e.g. torann agus creathadh na tógála). D'fhéadfadh tionchair de mhéid mheánach teacht chun cinn le linn na tógála i gcás, mar shampla, go bhfuil tionchar fadtéarmach ar dhraenáil na talún mar thoradh ar an ngníomhaíocht tógála.

### *14.2.5.3 Measúnú ar shuntasacht an tionchair*

D'fhoilsigh EPA treoir nuashonraithe ar TMTT a ullmhú in 2022. Mar sin féin, tá na critéir i dTábla 14.4 den chaibidil nuashonraithe seo ag teacht go dlúth le Cuid 3.7.3 agus Tábla 3.4 de threoirlínte EPA 2022. Tá an mhodheolaíocht a úsáidtear sa mheasúnacht agus na critéir i dTábla 14.4 den chaibidil nuashonraithe seo de réir TMTT 2018. Déantar suntasacht an tionchair a dhearbhú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid an tionchair agus ar íogaireacht na feirme lena mbaineann araon. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar a théann i gcion ar fheirm ag a bhfuil íogaireacht íseal chomh suntasach agus a bheadh méid chomhchosúil tionchair a théann i gcion ar fheirm ag a bhfuil íogaireacht ard.

Cuimsítear i dTábla 3.4 de Chuid 3.7.3 de Threoirlínte EPA 2022 treoirlínte chun cur síos a dhéanamh ar shuntasacht na dtionchar.

---

[7] Táirgeachtaí náisiúnta iarbhíre shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh

[8] Sonraí Bhéal Átha hÉis Teagasc 2008-2021, COBÁC 2016 -2022

Tá seacht gcéim ghinearálaithe de shuntasacht tionchair mar a leagtar amach i dTábla 3.4 agus Fíor 3.4 de Threoirlínte EPA 2022. Glacadh na céimeanna tionchair sin agus mionchoigeartuithe déanta orthu atá iomchuí le haghaidh measúnacht tionchair talmhaíochta.

Go ginearálta bíonn na tionchair ar an talmhaíocht ina ndrochthionchair. Tá na comparáidí idir treoirlínte EPA 2022 agus na critéir a úsáideadh sa bhreithmheas seo á léiriú i dTábla 14.4.

**Tábla 14.4 Comparáid ar shuntasacht na gcritéar tionchair a úsáideadh sa mheasúnacht seo le Treoir EPA 2022**

<table>
<tr><th>Suntasacht na dtionchar de réir Threoir EPA 2022</th><th>Suntasacht na dtionchar a úsáideadh sa bhreithmheas seo</th></tr>
<tr><td>Tionchar Dobhraite<br>Éifeacht is féidir a thomhas ach nach mbaineann iarmhairtí suntasacha léi</td><td rowspan="2">Tionchar Neamhshuntasach<br>Tionchar a bhféadfadh éifeachtaí intomhaiste agus/nó athruithe sonraíocha a bheith mar thoradh air ach níl na hiarmhairtí suntasach.</td></tr>
<tr><td>Neamhshuntasach<br>Éifeacht lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar na timpeallachta gan iarmhairtí suntasacha ar bith</td></tr>
<tr><td>Tionchar Beag<br>Éifeacht lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar na timpeallachta gan dul i gcion ar a híogaireachtaí.</td><td>Drochthionchar Beag<br>Tionchar lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar agus bainistíocht feirme ar bhealach beag. Cuirtear isteach ar an bhfiontar feirme mar thoradh ar an Tionscadal.</td></tr>
<tr><td>Tionchar Measartha<br>Éifeacht lena n-athraítear carachtar na timpeallachta ar mhodh a thagann leis na treochtaí reatha atá ag teacht chun cinn.</td><td>Drochthionchar Measartha<br>Tionchar lena n-athraítear carachtar feirme ar bhealach lena dteastaíonn athruithe measartha a dhéanamh ar bhainistíocht agus oibriú na feirme. Is féidir leanúint leis an bhfiontar feirme mar a bhí sé roimhe ach beidh níos mó deacrachtaí bainistíochta agus oibriúcháin i gceist.</td></tr>
<tr><td>Tionchar Suntasach<br>Éifeacht lena n-athraítear gné íogair den timpeallacht mar gheall ar a carachtar, a méid, a fad nó a déine.</td><td rowspan="2">Drochthionchar Suntasach agus An-Suntasach<br>Tionchar lena n-athraítear gné íogair den fheirm mar gheall ar a charachtar, a mhéid, a fhad agus a dhéine.<br>Is féidir leanúint leis an bhfiontar feirme, ach beidh athruithe móra ar bhainistíocht agus oibriú na feirme ag teastáil.<br>Tharlódh sé sin de ghnáth i gcás go ndéanfaí an fheirm a roinnt ina dhá chuid mar gheall ar dheighilt ach i gcás go bhféadfaí rochtain idir na codanna deighilte agus foirgnimh na feirme a chur ar fáil go héifeachtach fós.<br>Ag glacadh leis gur féidir leis an bhfiontar leanúint ar aghaidh dearbhóidh méid an athraithe ar bhainistíocht agus oibriú na feirme cibé an mbeidh an tionchar Suntasach nó An-Suntasach.</td></tr>
<tr><td>Tionchar An-Suntasach<br>Éifeacht lena n-athraítear formhór gné íogaire den timpeallacht mar gheall ar a carachtar, a méid, a fad agus a déine.</td></tr>
<tr><td>Tionchar Trom<br>Éifeacht lena scriostar carachtair íogaire.</td><td>Drochthionchar Trom<br>Éifeacht lena scriostar carachtair íogaire den fheirm. Ní féidir leanúint leis an bhfiontar feirme mar thoradh ar an Tionscadal. Tharlódh sé sin i gcás go dtógfaí a oiread sin talún is nach mbeifí ábalta aonad inmharthana a dhéanamh den talamh a bheadh fágtha nó i gcás go mbeadh an deighilt chomh mór sin is nach bhféadfaí an gabháltas a oibriú nó i gcás go dtógfaí foirgnimh nó saoráidí agus nach bhféadfaí iad a chur ar ais. I roinnt cásanna d'fhéadfaí leanúint leis an bhfiontar feirme, ach beidh athruithe suntasacha ar bhainistíocht agus oibriú na feirme amach anseo ag teastáil, a mhéid is go mbeidh athrú an-mhór ar scála agus oibriú an fhiontair.</td></tr>
</table>

Déantar suntasacht an tionchair a dhearbhú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid na dtionchar agus ar íogaireacht na feirme. D'fhéadfaí an mheasúnacht seo a athrú mar gheall ar bhreithiúnas gairmiúil ar bhonn cás ar chás.

## 14.3 An Timpeallacht Ghlactha

### 14.3.1 Cineálacha Fiontair Talmhaíochta

Ó TMTT 2018 i leith rinneadh trí dháileacht talún a eisiamh ó limistéar staidéir talmhaíochta na sócmhainní ábhartha mar gheall ar an athrú ar úsáid talún go forbairtí tithíochta (Uimh. Thag. 242, 482 agus 483) agus laghdaíodh an limistéar cúig dháileacht talún mar gheall ar fhorbairtí tithíochta (Uimh. Thag. 464, 486, 501 agus 627). Sa chaibidil nuashonraithe seo cuimsítear anois sa limistéar staidéir 192 dáileacht talún a bhfuil tionchar díreach orthu ag an Tionscadal i gcomparáid le 195 dáileacht talún in TMTT 2018. Léirítear suíomhanna na ndáileachtaí talún sin ar Fhíoracha 14.1.1 go 14.1.15.

I dTábla 14.5 déantar comparáid idir an úsáid talún feadh an Tionscadail agus an staidreamh do Chontae na Gaillimhe. Ó cuireadh TMTT 2018 i dtoll a chéile, bhí áireamh talmhaíochta in 2020. Cosúil le háireamh 2010, aicmítear in Áireamh Talmhaíochta 2020 úsáid talún ina hocht ngrúpa talmhaíochta: sainchuraíocht; saindéiríocht, sainmhairteoil, sainchaoirigh, beostoc féaraigh measctha, barra agus beostoc measctha, barra páirce measctha (féar & sadhlas den chuid is mó) agus eile. Mar atá amhlaidh sa bhreithmheas a chuirtear i láthair in TMTT 2018, tá líon na ngrúpaí laghdaithe go dtí cúig cinn chun críche comparáide faoi mar a leanas:

- Déiríocht go Príomha - is é sprioc is mó an tionchair feirm dhéiríochta nó fiontar déiríochta go hiomlán). Ard-íogaireacht go ginearálta
- Beostoc féaraigh neamhdhéiríochta agus barra páirce measctha– áirítear leis eallach sainmhairteola, sainchaoirigh, agus feirmeacha measctha ar a bhfuil eallach, caoirigh agus capaill. Meán-íogaireacht go ginearálta
- Curaíocht - cur curaíochta go príomha. Meán-íogaireacht go ginearálta
- Barra agus beostoc measctha - barra éagsúla agus beostoc. Meán-íogaireacht
- Eile (e.g. muca, éanlaith chlóis, curaíocht ghórtóireachta, agus eachaithe mar na príomhfhiontair). Meán-íogaireacht go híogaireacht an-ard

I staidreamh Áireamh Talmhaíochta 2020 léirítear gurb é 26.5 heicteár meánmhéid na bhfeirmeacha i gContae na Gaillimhe, atá beagán níos airde ná meánmhéid TMTT 2018, 25.8 heicteár. Tá sé sin i gcomparáid le meánmhéid náisiúnta 33.4 heicteár, suas leis an meánmhéid 32.7 heicteár in TMTT 2018. Is é meánmhéid na ndáileachtaí talún feadh an Tionscadail thart ar 6.0 heicteár, atá gan athrú ó TMTT 2018. Is é is cúis le méid beag na ndáileachtaí talún feadh an Tionscadail ná go bhfuil siad an-ghar do Chathair na Gaillimhe. Rinneadh a lán gabháltas a fhoroinnt i measc baill teaghlaigh agus díoladh talamh lena forbairt. Tá thart ar 21% de na dáileachtaí talún níos lú ná 1 heicteár ar méid agus mar sin tá a n-úsáid talmhaíochta teoranta. Tá staidreamh 2010 do chineálacha feirme laistigh de Chontae na Gaillimh cosúil le háireamh 2020 – is feirmeoirí mairteola iad 95% de na feirmeacha laistigh de Chontae na Gaillimhe (gan athrú ó 2010 i leith). Laistigh den limistéar staidéir is í feirmeoireacht mhairteola an príomhfhiontar ar feadh an Tionscadail. I gcomparáid leis an meánlíon náisiúnta tá líon ard d’fhiontair eachaithe bheaga feadh an Tionscadail; coinnítear na capaill sin chun críche caitheamh aimsire den chuid is mó.

**Tábla 14.5 Staidreamh Úsáide Talún feadh an Tionscadail i gcomparáid le Staidreamh Náisiúnta agus Réigiúnach**

| Catagóiriú Feirme/Fiontair | Líon iomlán na ndáileachtaí talún lena mbaineann laistigh de gach catagóir | % d'fheirmeacha laistigh each catagóir | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Dáileachtaí talún feadh an Tionscadail | Feirmeacha i gContae na Gaillimhe (Áireamh Talmhaíochta 2020) | Feirmeacha go náisiúnta (Áireamh Talmhaíochta 2020) |
| **Déiríocht go Príomha** | 6 | 3 | 3 | 11 |
| **Mairteoil agus/nó caoirigh agus féar/sadhlas** | 122<br>(4 cinn le caoirigh sheep) | 63.5 | 95 | 82.5 |
| **Curaíocht go Príomha** | 0 | 0 | 0.5 | 3.5 |
| **Barra agus Beostoc Measctha** | 0 | 0 | 0.5 | 1.5 |
| **Eile (Eachaithe)** | 34<br>(31 eachaí) | 17.5 | 1 | 1.5 |
| **Gan Feirmeoireacht Déanta Air** | 30 | 16 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 192 | 100 | 100 | **100** |

Ó TMTT 2018 i leith laghdaíodh líon na ndáileachtaí talún mairteola go 122 (ó 123) agus laghdaíodh líon na ndáileachtaí talún 'nach ndéantar feirmeoireacht orthu' go 30 (ó 32). I dTábla 14.5 léirítear gurb í mairteoil (agus caoirigh) an príomhfhiontar feirme feadh an Tionscadail. Cuimsíonn íogaireacht na ndáileachtaí talún sin ó íogaireacht íseal go meán-íogaireacht. Níl aon athrú ar líon na ndáileachtaí talún ardíogaireachta agus an-ardíogaireachta ó TMTT 2018 i leith. Tá fiontar mairteola ard-íogaireachta amháin ann (trádálaí eallaigh – PRO[9] 701) agus tá dhá fhiontar déiríochta ard-íogaireachta[10] ann (PRO 239 & PRO 241). Is dáileachtaí talún meáníogaireachta ceithre cinn as na sé dháileacht talún déiríochta mar tá siad ar cíos ag feirmeoirí déiríochta. Aicmítear Ráschúrsa na Gaillimhe (MO[11]691) mar íogaireacht an-ard mar gheall ar an bhfiontar eachaithe agus an tábhacht réigiúnach. Tá dhá dháileacht talún eachaithe d'íogaireacht an-ard ann (MO 751 agus MO 760) agus tá an fiontar eachaithe ina bhfiontair mheán-íogaireachta, íseal-íogaireachta nó an-íogaireach agus coinnítear capaill agus asail chun críche caitheamh aimsire den chuid is mó. Féach Aguisín A.14.1 le haghaidh sonraí ar gach dáileacht talún aonair.

## 14.3.2 Cineálacha Ithreach

Tá cur síos mion déanta ar na cineálacha ithreach atá feadh an Tionscadail i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht, den TMTT nuashonraithe seo, agus tagraítear sa mheasúnacht seo freisin do Chóras Faisnéise Ithreach Teagasc (Féach Tábla 14.1 le haghaidh foinse sonraí). Tá an cur síos ar ithreacha gan athrú ó TMTT 2018 i leith. Go ginearálta tá cáilíocht na hithreach níos boichte ar an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe. Ó bhaile fearainn an Bhaile Nua go dtí na hAille is é an cineál ceannasach ithreach ithir mhóinteach ar a bhfuil carraigeacha ris agus bratphortach anseo agus ansiúd. Tá an draenáil bocht agus tá an talamh fliuch. Ó na hAille go dtí Abhainn na Gaillimhe is é an cineál ceannasach ithreach donnithir mhianrach atá drochdhraenáilte. Tagann feabhas ar cháilíocht na talún ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe ó thaobh na talmhaíochta de; cé go bhfuil an cháilíocht éagsúil. Taobh le hAbhainn na Gaillimhe tá ithreacha gláir ísle

[9] Uimhir Thagartha Scéim Bóithre Cosanta 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

[10] Tá sé dháileacht talún déiríochta ann. Tá ceithre dáileacht talún chóngaracha a aicmítear mar mheán-íogaireacht ligthe ar cíos ag beirt fheirmeoirí déiríochta.

[11] Uimhir Thagartha Scéim Mótarbhealaí 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

ina dtarlaíonn tuile. Níos faide soir i Mionlach agus Baile an Dúlaigh tá an topagrafaíocht droimneach agus is é an cineál ceannasach ithreach atá ann donnithir mhianrach ar a bhfuil ithir éadomhain measctha le lomán aolchloiche. Ó Bhaile an Dúlaigh go Dabhach Uisce is í an ithir cheannasach donnithir mhianrach éadomhain shaordhraenála. Tá an topagrafaíocht cothrom nó ardaíonn agus íslíonn sí go réidh. Tá an talamh seo ina talamh féaraigh de dhea-cháilíocht agus tá cuid di oiriúnach le haghaidh curaíochta. Go ginearálta tá na cineálacha ithreach feadh an Tionscadail oiriúnach d'fhéarach nach bhfuil dian ag eallach mairteola.

## 14.4 Tréithe na Forbartha atá Beartaithe

Tá cur síos mionsonraithe ar an Tionscadal agus ar ghníomhaíochtaí tógála curtha ar fáil i gCaibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal agus Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála sa TMTT nuashonraithe seo. Tugtar cuntas sa chuid seo ar shaintréithe agus ar ghníomhaíochtaí an Tionscadail faoi mar atá baint acu le talmhaíocht sócmhainní ábhartha.

Cuimseoidh an Tionscadal carrbhealach bóithre, claífoirt, fánaí gearrtha, oibreacha áise, gnéithe draenála agus limistéir chur/thírdreachaithe, stáblaí sealadacha agus buana agus a mbonneagar gaolmhar a thrasnóidh tailte talmhaíochta. Ceannófar thart ar 214.5 heicteár de thalamh go buan ó 192 dáileacht talún lena mbaineann agus, sa bhreis air sin, ceannófar 5.5 heicteár talún go sealadach ó ocht gcinn de na dáileachtaí talún don Tionscadal.

Cuimsítear 5 chéim sa Tionscadal mar a shonraítear i gCaibidlí 5 agus 7 mar a leagtar amach thíos. Le cuimsiú na stáblaí sealadacha a athshuíodh sa pháirc istigh ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus na n-oibreacha coimhdeacha sa mheasúnacht ar an Tionscadal don TMTT nuashonraithe seo, méadaíodh Teorainn na Measúnachta i gcóngaracht Ráschúrsa na Gaillimhe. Tugtar breac-chuntas ar phríomh-shaintréithe an Tionscadail atá ábhartha don mheasúnacht talmhaíochta sócmhainní ábhartha faoi na céimeanna tógála agus oibríochta i gCodanna 14.5.3 agus 14.5.4 faoi seach. Cuimsítear le Céim 2 an tsaintréith is suntasaí den Tionscadal.

### 14.4.1 Céim 1

Tógfaidh Céim 1 den Tionscadal 12 mhí le cur i gcrích. Le linn an ama sin, leis na hoibreacha atá riachtanach chun stáblaí sealadacha, seid innealra agus fáinne paráide nua a thógáil bainfear ar shiúl tailte a úsáideann an ráschúrsa faoi láthair le haghaidh páirceála le linn lá rásaíochta. Ag tús thógáil Chéim 1, cuirfear fál timpeall an láithreáin tógála agus beidh rochtain teoranta. Beidh gníomhaíochtaí amhail tochailt, tollánú, briseadh carraigeacha, tochailt tobair agus ábhair a bhogadh laistigh de Theorainn na Measúnachta riachtanach le haghaidh thógáil na dtograí ag an gcéim seo. Ginfidh sé sin torann, dusta agus gluaiseacht innealra, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na tailte taobh leis. Beidh na tionchair dhíreacha teoranta go príomha do dháileacht talún an ráschúrsa (MO 691) le héifeachtaí féideartha ó thorann agus trácht ag dul i gcion ar Thagairt MO Uimh. 701.

### 14.4.2 Céim 2

Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar mar chuid de Chéim 2, an N6 GCRR atá beartaithe (a thógfaidh 36 mí le cur i gcrích) na nithe seo a leanas:

- Soláthar an N6 GCRR atá beartaithe in dhá chéim a dhéanfar i gcomhthráth:
  - Céim A – Acomhal Chúil Each an N6 chuig Acomhal Leitrí an N59
  - Céim B – Acomhal Leitrí an N59 go dtí an R336 siar ó Bhearna
- Tá an clós stábla atá ann faoi láthair le scartáil, lena n-áirítear an tseid innealra atá ann cheana féin
- Tá an foirgneamh tráchtála atá cheana féin ar an taobh ó thuaidh de Ráschúrsa na Gaillimhe, le scartáil agus tá an láithreán le glanadh
- Tá an áit pháirceála atá ann faoi láthair do bhoscaí capaill taobh le hAscaill an Ráschúrsa le scartáil, lena n-áirítear baint an tsocraithe rochtana atá ann faoi láthair ar reilig Bhaile an Bhriotaigh, chun freastal ar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe

Ginfidh sé sin torann, dusta agus gluaiseacht innealra, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na tailte taobh leis. Beidh na tionchair dhíreacha teoranta go príomha do dháileacht talún an ráschúrsa (MO Uimh. 691) le héifeachtaí

féideartha ó thorann, dusta agus trácht ag dul i gcion ar MO Uimh. 701 (ar dáileacht talún díreach in aice leis é).

Beidh sconsa thart ar theorainn an N6 GCRR atá beartaithe i gCéim 2 agus beidh tionchar díreach aige sin ar dháileachtaí talún MO Uimh. 691, 701, 714, 716 agus 718.

Cuirfear isteach ar sholáthairtí uisce agus cumhachta agus beidh foinsí malartacha agus duchtáil faoin Tionscadal ag teastáil. Cuirfear sruthchúrsaí ar mhalairt slí agus beidh an carrbhealach níos ísle agus níos airde ná an talamh feirme taobh leis ag suíomhanna éagsúla. Cuirfidh sé sin isteach ar an draenáil talún agus beidh gá le tóchair a thógáil agus an draenáil talún a chothabháil feadh imeall na n-oibreacha créafóige don Tionscadal.

### 14.4.3 Céim 3

Le linn na céime seo, a thógfaidh 9 mí, tógfar na stáblaí buana. Ginfidh sé sin torann, dusta agus gluaiseacht innealra, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na tailte taobh leis. Beidh na tionchair dhíreacha teoranta go príomha do dháileacht talún an ráschúrsa (MO Uimh. 691) le héifeachtaí féideartha ó thorann, dusta agus trácht ag dul i gcion ar MO Uimh. 701.

### 14.4.4 Céim 4

Déanfar na táblaí sealadacha a bheartaítear a scartáil le linn tréimhse 3 mhí a luaithe is a chuirfear Céim 3 i gcrích. Déanfar na gníomhaíochtaí scartála go léir laistigh de Theorainn na Measúnachta.

### 14.4.5 Céim 5

Ag Céim 5, beidh an Tionscadal i mbun feidhme.

Nuair a bheidh céim na tógála críochnaithe, agus na bearta maolaithe curtha i bhfeidhm, beidh éifeachtaí iarmharacha an Tionscadail buan. Is é an toradh a bheidh ar na héifeachtaí sin athrú ar struchtúr agus leagan amach feirmeacha feadh an Tionscadail, rud a laghdóidh méid agus a dheighilfidh cuid de na feirmeacha. Beidh leibhéal íseal cur isteach ann mar gheall ar an trácht. Déanfar úinéirí talún a chúiteamh lena chinntiú nach gcaillfidh siad airgead ar bith.

## 14.5 Measúnú ar na hÉifeachtaí

### 14.5.1 Réamhrá

Cuirtear na measúnachtaí tionchair le haghaidh gach dáileachta talún feadh an Tionscadail i láthair in Aguisín A.14.1 Achoimre ar Mheasúnachtaí Tionchair Dáileachtaí Talún Aonair. Déantar tionchair réamh-mhaolaithe fhéideartha an Tionscadail a mheasúnú i gCodanna 14.6.3 agus 14.6.4 agus déantar iad a achoimriú i gCuid 14.6.5 agus i gCuid 14.6. Tá measúnacht ar na tionchair fhéideartha ar an talmhaíocht feadh an bhealaigh iomláin (i.e. laistigh den limistéar staidéir) léirithe i gCuid 14.6.5. Tá torthaí na measúnachta gan athrú ó TMTT 2018 i leith seachas go bhfuil laghdú trí dháileacht talún sa limistéar staidéir.

### 14.5.2 Éifeachtaí “Déan Faic”

Mar bhaill den phobal áitiúil baineann feirmeoirí úsáid rialta as an líonra bóithre atá ann chun scoileanna agus siopaí a rochtain agus chun earraí a cheannach agus táirgí a dhíol. Taistealaíonn tarracóirí ar an líonra bóithre atá ann chun feirmeacha agus bólachtaí a rochtain. Déantar earraí a bhailiú ó fheirmeacha ar leoraithe agus feithiclí earraí. Sa chás “Déan Faic” leanfaidh an brú tráchta atá ann le drochthionchar beag a bheith aige ar an talmhaíocht agus meastar nach bhfuil sé suntasach.

### 14.5.3 Éifeachtaí Féideartha na Tógála

Ní bheidh drochthionchair shuntasacha ná drochthionchair bheaga ag torann agus creathadh ginearálta na tógála agus an dusta a chruthófar de thoradh ar thógáil an Tionscadail. D’fhéadfadh freagairt teite sa bheostoc a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí briste/pléasctha carraigeacha agus píleála ach is annamh

go mbíonn tionchar suntasach mar thoradh orthu, agus beidh drochthionchair neamhshuntasacha nó drochthionchair bheaga i gceist.

Sealbhófar foirgnimh feirme (botháin bheaga agus cróite den chuid is mó) ar 17 ndáileacht talún (lena n-áirítear Ráschúrsa na Gaillimhe) mar thoradh ar an tógáil talún[12], a mbeidh tionchair shealadacha mar thoradh air toisc gur féidir foirgnimh nua a chur in ionad na saoráidí sin ar na tailte coinnithe. Cuirfear isteach ar bhonn sealadach ar na soláthairtí cumhachta agus uisce ach leis an maolú beidh drochthionchar neamhshuntasach nó drochthionchar beag i gceist. Rachfar i gcion ar an draenáil talún le linn na tréimhse tógála i gcás go ndéanfaidh an Tionscadal sruthanna éalaithe draenála ó thalamh talmhaíochta a stopadh nó a chosc. Cinntítear leis an dearadh draenála atá beartaithe go ndéanfar na sruthanna éalaithe draenála ar fad a choimeád nó a atreorú chuig sruth éalaithe oiriúnach agus ní bheidh na tionchair suntasach go ginearálta.

Nuair a bheidh fálú do N6 GCRR atá beartaithe tógtha ní bheidh an talamh taobh istigh de ar fáil don úinéir talún. Tá an laghdú ar achar na talún ina thionchar buan agus tá raon an tionchair mar gheall ar chaillteanas na raonta talún ó thionchar neamhshuntasach go tionchar trom. Tarlóidh an tógáil talún shealadach i seacht ndáileacht talún. Tá an talamh seo riachtanach don tréimhse tógála amháin agus úsáidfear é le haghaidh bábhúin tógála, malairt slí tráchta agus láithreáin tógála. Beidh an talamh ar na hocht[13] ndáileacht talún sin faoi réir lomadh barrithreach, balcadh agus tionchair fhéideartha ar dhraenáil talún. Cé go bhfuil an tógáil talún ag na láithreáin seo sealadach (le linn na tréimhse tógála amháin) glactar leis go mbeidh an damáiste a dhéanfar ar thalamh buan. Trasnóidh an Tionscadal 61 dáileacht talún (62 dáileacht talún in TMTT 2018, mar is forbairt chónaithe anois ceann de na dáileachtaí sin) agus mar thoradh air sin deighlfear cuid den fheirm, roinnfear thart ar 163 heicteár talún agus cruthófar 87 dáileacht talún nua. Le linn na tógála ceadófar pointí trasnaithe sealadacha do bheostoc agus innealra go dtí go dtógfar bóithre áise. Tionchar buan is ea deighilt talún agus beidh drochthionchar neamhshuntasach go drochthionchar suntasach i gceist.

### 14.5.4 Éifeachtaí Oibríochta Féideartha

Déanfar na bearta maolaithe atá leagtha amach i gCuid 14.7 a thógáil agus a chur i bhfeidhm le linn chéim na tógála. Leanfar le cothabháil an Tionscadail le linn na céime oibríochta agus i líon an-bheag cásanna b'fhéidir go gcaithfí obair dheisiúcháin a dhéanamh le linn na céime oibríochta (e.g. cothabháil ar líne na teorann feadh phríomhlíne an Tionscadail). Tionchar iarmharach buan is ea an tionchar caillteanais talún a thosóidh le fálú an talún a gheobar le linn na céime tógála a leanfaidh ar aghaidh sa chéim oibriúcháin. Mar thoradh ar an laghdú ar an méid laghdófar aschur na feirme agus beidh tionchar neamhshuntasach nó tionchar trom i gceist. Ní féidir an tionchar seo a mhaolú ach trí chúiteamh. San fhadtéarma d'fhéadfadh sé go mbeadh úinéirí talún ábalta an limistéar den talamh a gheofar a athsholáthar, ach beidh an talamh a athsholáthrófar deighilte ón mbunghabháltas. Ní bheidh de thoradh ar an talamh a gheofar go sealadach ar ocht ndáileacht talún laghdú buan san achar ar a ndéantar feirmeoireacht, ach glactar leis, áfach, go mbeidh dochar buan ar thalamh ag na láithreáin seo. Tionchar buan is ea deighilt codanna d'fheirmeacha (ar a dtugtar scaradh go minic) is féidir a mhaolú trí bhóithre rochtana ar an dáileacht talún deighilte a sholáthar. Beidh faid taistil bhreise agus costais sheasta bhreise ar fheirm mar thoradh air sin agus beidh drochthionchar neamhshuntasach nó drochthionchar suntasach i gceist. Bíonn na tionchair ar dhraenáil ina ndrochthionchair neamhshuntasacha nó ina ndrochthionchair bheaga go ginearálta. Bainfear teorainneacha balla cloiche ó laistigh de líne na teorann don N6 GCRR atá beartaithe. Cuaillí adhmaid le fálú slabhrach den chuid is mó a bheidh i líne na teorann feadh an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh an fál sin á choimeád ag an údarás áitiúil feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe, agus ag úinéirí talún feadh taobh-bhóithre bainteach leis an bpríomhlíne. Cuirfear fálú stoda ar fáil nuair is gá (nó déanfar úinéirí talún a chúiteamh chun a bhfálú stoda féin a shuiteáil). Nuair a choimeádtar dea-chaoi ar an gcineál fáil a bheartaítear coinneoidh sé srian ar bheostoc chomh héifeachtach le balla cloiche ar a gcoimeádtar dea-chaoi. Ní bheidh tionchar suntasach ar fheidhmíocht beostoic de bharr caillteanas foscaidh. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar suntasach ag caillteanas ballaí cloiche ar na dáileachtaí talún coinnithe. Níl tionchar an chur isteach bhuain mar thoradh ar thrácht, torann, astaíochtaí aeir agus soilsiú ina thionchar suntasach.

---

PRO/MO 117, 154, 229, 243, 259, 289, 495, 498, 572, 583, 625, 626, 632, 691, 689, 701 & 754

[13] Uimhreacha Tagartha PRO/MO 103, 147, 468, 486, 501, 583, 651 agus 691

### 14.5.5 Achoimre ar na hÉifeachtaí Féideartha

Tá achoimre déanta ar na tionchair fhéideartha (réamh-mhaolaithe) ar dháileachtaí talún feadh an Tionscadail i dTábla 14.6.

**Tábla 14.6 Achoimre ar na Tionchair Fhéideartha (Réamh-Mhaolaithe)**

| | Líon na bPíosaí Talún | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Suntasacht an Tionchair** | **Déiríocht go Príomha** | **Mairteoil / caoirigh agus féar / sadhlas** | **Eile (lena n-áirítear Eachaithe)** | **Gan Feirmeoireacht Déanta Air** | **Na hIomláin** |
| Neamhshuntasach | 2 | 32 | 8 | 14 | 56 |
| Beag | 1 | 22 | 6 | 8 | 37 |
| Measartha | - | 19 | 6 | 6 | 31 |
| Suntasach | - | 35 | 11 | 2 | 48 |
| An-Suntasach | 1 | 6 | 0 | - | 7 |
| Trom | 2 | 8 | 3 | - | 13 |
| Líon iomlán na bhFeirmeacha | 6 | 122 | 34 | 30 | 192 |
| | *Tá sé tuartha go mbeidh tionchair ar 68 dáileacht talún a bheidh ina ndrochthionchair shuntasacha agus níos mó (35.5% de na dáileachtaí talún ar fad lena mbaineann)* | | | | |

Ní bheidh na tionchair réamh-mhaolaithe a eascraíonn as suaitheadh tógála suntasach den chuid is mó mar gheall ar fhad ama gairid na héifeachta. Eascraíonn na tionchair i dTábla 14.6 go príomha as caillteanas talún agus tionchar rochtana sula gcuirtear maolú ar fáil (e.g. bóithre áise). Beidh 32 tionchar gan bheith suntasach i ndáileachtaí talún Mairteola / caorach agus féir / sadhlais i gcomparáid le 33 i measúnacht 2018 agus 14 thionchar gan bheith suntasach i ndáileachtaí talún nach ndéantar feirmeoireacht orthu i gcomparáid le 16 in TMTT 2018. Dá bharr sin, sa chaibidil nuashonraithe seo, beidh tionchair gan bheith suntasach ag 56 den 192 dáileacht talún i gcomparáid le 59 den 195 dáileacht talún in TMTT 2018.

Tá 192 dáileacht talún agus 1,078 heicteár talaimh i gceist sa limistéar staidéir talmhaíochta (i gcomparáid le 1,096 heicteár agus 195 dáileacht talún in TMTT 2018), a bhfuil thart ar 220 heicteár de laistigh de Theorainn na Measúnachta. Áirítear leis sin thart ar 5.5 heicteár de thógáil talún shealadach in ocht gcinn de na céad nócha a dó dáileacht talún. Tá an tógáil talún talmhaíochta don Tionscadal cosúil léi sin a chuirtear i láthair in TMTT 2018. Roimh mhaolú, tá an tionchar féideartha ar an limistéar staidéir mar gheall ar an Tionscadal ina dhrochthionchar measartha i gcás go ndéantar thart ar 214.5 heicteár de thalamh talmhaíochta a fháil (tógáil talún) go buan, déantar damáiste buan d'ithirstruchtúr thart ar 5.5 heicteár de 0.75% den limistéar staidéir agus déantar 166 heicteár de thalamh a dheighilt gan rochtain éifeachtach (15% den limistéar talmhaíochta iomlán). Bhí an tionchar réamh-mhaolaithe a chuirtear i láthair in TMTT 2018 ina dhrochthionchar measartha freisin mar gheall ar thógáil talún 219 heicteár agus deighilt 172 heicteár talún gan rochtain éifeachtach (16% den limistéar talmhaíochta iomlán).

I dTuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála dar dáta an 22 Meitheamh 2021, chomhaontaigh Cigire ABPleis an measúnacht tionchair sin thuas ar thailte talmhaíochta coinnithe agus inmharthanacht feirme:

*"Beidh de thoradh ar an FBB caillteanas buan méid shubstaintiúil de thalamh feirmeoireachta agus scaradh fiontar feirme iomadúil. Gheofar thart ar 219 heicteár (laghdaithe de bheagán de bhun mionathruithe ar an CPO), arb ionann é agus timpeall 20% den limistéar staidéir. Rachaidh deighilt talún i gcion ar 62 dáileacht talún agus déanfar 172 heicteár talún a dheighilt. Measann an t-iarratasóir an tionchar foriomlán iarmharach ar an talmhaíocht feadh an FBB a bheith ina dhrochthionchar measartha. I dtéarmaí an limistéir staidéir, d'aontóinn leis an measúnacht sin."*

## 14.6 Bearta Maolaithe

### 14.6.1 Réamhrá

Cuirtear bearta maolaithe chéim na tógála i láthair i gCuid 14.6.2 agus cuirtear bearta maolaithe na céime oibríochta i láthair i gCuid 14.6.3. Níl aon athruithe sna bearta maolaithe a bheartaítear sa chaibidil nuashonraithe seo i gcomparáid le TMTT 2018.Sa chéim oibríochta, áfach, tá beart maolaithe Uimh. 7 curtha san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní úinéirí talún mar a cuireadh in iúl le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 agus chun tiomantas reatha an údaráis áitiúil maidir le cothabháil an fháil teorann feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe le linn na céime oibríochta a léiriú.

Déanfar maolú na dtionchar féideartha faoi dhá cheannteideal:

- Bearta ginearálta maolaithe – cuirtear síos orthu i gCodanna 14.6.2 Céim na Tógála agus 14.6.3 An Chéim Oibríochta thíos
- Cúiteamh faoin gCóras Ceannaigh Éigeantaigh – tá cúiteamh d'fheirmeoirí i leith damáiste iarmharach ina chuid den phróiseas reachtúil um chúiteamh

### 14.6.2 An Chéim Thógála

1. Cuirfear rochtain ar fáil don úinéir talún ar gach dáileacht talún atá scartha i rith thógáil an Tionscadail. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar an rochtain sin tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún.
2. I gcás go gcuirfear isteach ar sholáthairtí uisce agus leictreachais atá ann le linn na céime tógála cuirfear foinse mhalartach uisce nó leictreachais ar fáil e.g. tancaer uisce nó duchtáil cáblaí leictreacha. Má chuirtear srian buan ar rochtain ar fhoinsí uisce óil dromchla soláthrófar soláthairtí soláthairtí eile (nó cúiteamh chun deis a thabhairt don fheirmeoir a thobar féin a dhruileáil).
3. Crochfar fál teorann oiriúnach chun líne theorann N6 GCRR atá beartaithe a idirdhealú agus suaitheadh ar thalamh cóngarach a chosc.
4. Ceapfar príomh-theagmhálaí i rith chéim na tógála chun cumarsáid a éascú idir na húinéirí talún a bheidh i gceist agus chun an t-atheagrú a dhéanfaidh feirmeoirí ar fhiontair feirme a éascú i rith tréimhsí criticiúla.
5. Tabharfar fógra roimh ré d'úinéirí talún a bhfuil talamh acu cóngarach do láithreáin ar a dtarlóidh briseadh cloch, pléascadh nó píleáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin.
6. Íoslaghdófar na tionchair ar cháilíocht an uisce trí bhíthin clár de bhearta maolaithe le haghaidh foinsí uisce dromchla agus screamhuisce faoi mar a gcuirtear síos orthu i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht agus 11, Hidreolaíocht sa TMTT nuashonraithe seo.
7. Íoslaghdófar leathadh an dusta ar thailte tadhlacha trí bhíthin bearta maolaithe arna leagan amach i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir, den TMTT nuashonraithe seo. Go hiondúil, ní bhíonn an tionchar a bhíonn ag deannach ar bheostoc ar féarach suntasach.
8. I gcás ina n-athraítear sruth éalaithe draenála go sealadach nó go mblocáiltear nó go ndéantar damáiste do dhraenacha talún coinneofar sruth éalaithe draenála a bheidh dóthanach agus deiseofar draenacha ar an talamh.
9. Fostóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe saineolaí eachaí nó cleachtóir tréidliachta ar feadh ré an chonartha tógála.
10. Déanfar dearadh agus tógáil na stáblaí sealadacha agus na stáblaí buana atá beartaithe do Ráschúrsa na Gaillimhe i gcomhairle le Bord Rialaithe Rásaíochta Capall na hÉireann (Rásaíocht Chapall Éireann).
11. Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe de bheith i dteagmháil le Coiste Ráschúrsa na Gaillimhe maidir le cur i bhfeidhm aon cheadú a deonaíodh chomh fada agus a bhaineann sé le Ráschúrsa na Gaillimhe.

### 14.6.3 An Chéim Oibríochta

1. Caillteanas buan is ea caillteanas talún talmhaíochta i ngeall ar thógáil an Tionscadail nach féidir a mhaolú ach amháin trí chúiteamh airgeadais.

2. Cúiteofar úinéirí talún a chailleann foirgnimh mar gheall ar an Tionscadal. Le híocaíochtaí cúitimh beidh feirmeoirí ábalta foirgnimh a athsholáthar.

3. Beidh na dáileachtaí talún deighilte ar fad inrochtana tríd na líonra bóithre áitiúla, trí bhóithre rochtana áise agus raonta rochtana.

4. I gcás go mbeidh na soláthairtí uisce agus leictreachais reatha ar pháirceanna nó ar chlóis feirme scartha, tabharfar an soláthar ar ais trí dhuchtáil a sholáthar nuair is gá. Nó, i gcás nach féidir duchtú a úsáid cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil. Le híocaíochtaí cúitimh beidh feirmeoirí ábalta soláthairtí cumhachta agus uisce a athsholáthar.

5. D'fhéadfadh sé go gcaithfeadh úinéirí talún saoráidí feirme breise a thógáil (e.g. gabháltas eallaigh agus cróite tástála) ar a dtalamh dheighilte.

   D'fhéadfadh sé go gcaithfí teorainneacha páirce agus córais ghlais fraincín a atheagrú chun cruth athraithe na bpáirceanna a chur san áireamh. Tugtar aghaidh orthu sin sna socraíochtaí cúitimh.

6. Cuirfear uisce ón Tionscadal ar mhalairt slí chuig linnte maolaithe sula scaoiltear é chuig sruthchúrsaí nó chuig an talamh. Trasnóidh dearadh draenála an Tionscadail na draenacha páirce atá ann anois agus iompróidh sé an t-uisce draenála chuig sruthanna éalaithe oiriúnacha. An t-údarás áitiúil a choimeádfaidh draenacha agus sruthanna éalaithe draenála laistigh de líne na teorann don N6 GCRR atá beartaithe le linn na céime oibríochta.

7. An t-údarás áitiúil a choimeádfaidh fál na teorann feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe.

8. Cuirtear san áireamh sa mheasúnacht seo tionchair dhíobhálacha eile amhail caillteanas foscaidh, baint teorainneacha páirce, cur isteach ar bhóithre feirme agus ar chórais ghlais fraincín agus méadú ar an mbaol go ndéanfaí treaspás ar thalamh phríobháideach mar gheall ar an Tionscadal. Bainfear leas as cúiteamh reachtúil chun úinéirí talún a chúiteamh as éifeachtaí iarmharacha agus chun go mbeidh na húinéirí talún ábalta bearta um maolú a dhéanamh agus oibreacha a athbhunú ar a dtalamh féin.

9. Íoslaghdóidh tírdhreachú feadh an Tionscadail an tionchar amhairc ar fheirmeacha feadh an Tionscadail agus le himeacht ama cuirfear feabhas ar an bhfoscadh sna feirmeacha lena mbaineann.

I dTuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála dar dáta an 22 Meitheamh 2021, chomhaontaigh Cigire ABP leis na bearta maolaithe thuas:

*"Le linn chéim na tógála, is iad na gabháltais a bheidh gearrtha ag an FBB is dóchúla go ndéanfar scaradh sealadach orthu nó go gcuirfear isteach ar rochtain orthu. Deirtear i gCuid 14.6.2 den TMTT go gcoimeádfar rochtain dhóthanach feadh an FBB do na dáileachtaí talún sin le linn tógála trí phointí trasnaithe sealadacha a chur ar fáil do bheostoc agus d'innealra go dtí go mbeidh na hoibreacha áise rochtana buaine i bhfeidhm, agus sa chás go dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain go gcuirfear in iúl é d'úinéirí talún roimh ré. Fostófar príomhtheagmhálaí freisin le hidirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí talún agus lena chinntiú go gcuirtear riachtanais rochtana in iúl don chonraitheoir agus go n-éascófar iad. Tá na tiomantais sin san áireamh mar mhír 14.1 den SoEC. Féadfar go mbeidh cur isteach sealadach ar ghabháltais nach mbeidh scartha ag an FBB mar gheall ar ghníomhaíocht agus trácht tógála. Beartaítear arís aghaidh a thabhairt air sin trí idirchaidreamh agus cumarsáid.*

*Le haird ar an tiomantas do rochtain a chur ar fáil agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe a mbeidh tionchar orthu agus fad ama teoranta chéim na tógála, d'aontóinn leis an iarratasóir nach dócha go mbeidh tionchair a bheidh gaolmhar le rochtain le linn chéim na tógála suntasach."*

Go tábhachtach, ba é sin tuairim cigire neamhspleách de chuid an Bhoird Pleanála, agus breithniú déanta go mion aige ar na tionchair fhéideartha agus na bearta maolaithe atá beartaithe tar éis fianaise a chloisteáil ó go leor daoine ar a shon agus ina choinne a tharraing anuas ábhair imní maidir le rochtain ar thailte coinnithe le linn chéim na tógála agus na céime oibríochta araon. Nótáil an Cigire ina theannta sin, *"Ní mheasaim gur dócha go mbeidh de thoradh ar shocruithe sa chéim oibríochta tionchair shuntasacha"*.

## 14.7 Tionchair Iarmharacha

### 14.7.1 Réamhrá

Déantar na tionchair iarmharacha a mheasúnú maidir le gach ceann de na feirmeacha a dtéann an Tionscadal i gcion orthu de thoradh ar chéim na tógála (Cuid 14.7.2) agus na céime oibríochta (Cuid 14.7.3) agus cuirtear achoimre i láthair i dTábla 14.7. Déantar an tionchar iarmharach ar an talmhaíocht feadh an Tionscadail (i.e. laistigh de Theorainn na Measúnachta) agus laistigh de Chontae na Gaillimhe a mheasúnú i gCuid 14.7.3. Déantar tionchair charnacha a mheasúnú i gCuid 14.8.

### 14.7.2 An Chéim Thógála

Leis an measúnacht talmhaíochta sócmhainní ábhartha a chuirtear i láthair in TMTT 2018 glactar le tréimhse tógála 36 mí le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe. Is é an tréimhse tógála iomlán don Tionscadal seo, áfach, 60 mí. Tagann an phríomhdhifríocht chun cinn mar gheall ar an bhforbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe nach dtéann i gcion ar thromlach na ndáileachtaí talún feadh an Tionscadail.

Is tionchair shealadacha iad na tionchair mar thoradh ar chruthú torainn, dusta agus tráchta tógála (níos lú ná 60 mí). Sula dtógfar bóithre rochtana nó rianta rochtana déanfar talamh a dheighilt leis an N6 GCRR atá beartaithe. I gcásanna dá leithéid cuirfear pointí rochtana sealadaí ar fáil d'úinéirí talún chun go mbeidh siad ábalta a ndáileachtaí talún deighilte a rochtain le linn chéim na tógála. Sa chás go gcuirtear isteach ar sheirbhísí mar uisce agus cumhacht, cuirfear foinsí sealadacha ar fáil. Déantar tionchair draenála talún a mhaolú le dearadh an Tionscadail agus tiomantas do shruthanna éalaithe a choimeád le linn na tréimhse tógála.

Tosaíonn tionchar iarmharach na tógála talún ag tús na tréimhse tógála agus, mar a phléitear i gCuid 14.6 ní féidir an tionchar sin a mhaolú seachas trí chúiteamh d'úinéirí talún. Dá bharr sin, tá na tionchair iarmharacha shuntasacha a eascraíonn as céim na tógála go léir mar gheall ar thógáil talún mar níl na tionchair shealadacha atá de thoradh ar ghníomhaíocht tógála (torann, dusta, gluaiseachtaí tráchta), deighilt shealadach talún, scaradh sealadach seirbhísí agus tionchair ar dhraenáil talún suntasach do gach dáileacht talún, seachas do MO 691 (Ráschúrsa na Gaillimhe). Tá sin mar gheall ar nádúr sealadach na dtionchar tógála agus an mhaolaithe a bheartaítear. I gcás MO 691 tá drochthionchar iarmharach beag ann mar gheall ar shuaitheadh tógála i rith na tréimhse tógála 60 mí agus íogaireacht an-ard na dáileachta talún.

### 14.7.3 An Chéim Oibríochta

Meastar go mairfidh an chéim oibríochta sa bhreis ar 30 bliain agus dá bhrí sin beidh na héifeachtaí iarmharacha a tharlóidh le linn fhad ama na tréimhse seo buan agus mar sin tá siad níos suntasaí ná na tionchair shealadacha a tharlóidh le linn na céime tógála 60 mí. Tarlóidh tionchair amhail caillteanas talún agus deighilt (scaradh) talún le linn chéim na tógála ach is tionchair iarmharacha bhuana iad le linn na céime oibríochta chomh maith. Le dearadh an Tionscadail cinnteofar nach rachfar i gcion go suntasach ar dhraenáil talún na bhfeirmeacha lena mbaineann agus beidh an tionchar ina dhrochthionchar neamhshuntasach nó ina dhrochthionchar beag. Tá achoimre déanta ar na tionchair iarmharacha ar fheirmeacha feadh bhealach an Tionscadail i dTábla 14.7.

**Tábla 14.7 Achoimre ar Thionchair Iarmharacha**

| | Líon na bPíosaí Talún | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Suntasacht an Tionchair** | **Déiríocht go Príomha** | **Mairteoil / caoirigh agus féar / sadhlas** | **Eile (lena n-áirítear Eachaithe)** | **Gan Feirmeoireacht Déanta Air** | **Na hIomláin** |
| Neamhshuntasach | 2 | 32 | 9 | 13 | 56 |
| Beag | 1 | 28 | 6 | 9 | 44 |
| Measartha | | 25 | 8 | 8 | 41 |
| Suntasach | 1 | 28 | 10 | | 39 |

| | Líon na bPíosaí Talún | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An-Suntasach | | 8 | 0 | | 8 |
| Trom | 2 | 1 | 1 | | 4 |
| Líon iomlán na nDáileachtaí Talún | 6 | 122 | 34 | 30 | 192 |
| *Tá sé tuartha go mbeidh tionchar ar 50 dáileacht talún a bheidh ina ndrochthionchar suntasach nó níos mó (26% de na dáileachtaí talún ar fad lena mbaineann)* | | | | | |

Ó TMTT 2018 i leith tá an tionchar ar MO 752, MO 754 agus MO 758 laghdaithe ó dhrochthionchar suntasach, drochthionchar an-suntasach agus drochthionchar an-suntasach go drochthionchar beag, drochthionchar suntasach agus drochthionchar suntasach faoi seach. Tá seo amhlaidh mar san áireamh sa mheasúnacht a cuireadh i láthair in TMTT 2018 bhí éifeacht charnach ón M6 atá ann faoi láthair, ach sa TMTT nuashonraithe seo déantar an M6 a mheasúnú mar pháirt den bhonnlíne atá ann faoi láthair agus ní dhéantar ach éifeachtaí an Tionscadail a mheasúnú.

Mar sin tá 2 dhrochthionchar an-suntasach nach bhfuil chomh suntasach céanna (MO 754 & MO 758) nuair a chuirtear sin i gcomparáid le TMTT 2018 agus cuirtear an dá cheann sin le catagóir na ndrochthionchar suntasach sa mheasúnacht reatha. Bogtar MO 752, a bhí ina dhrochthionchar suntasach in TMTT 2018, go dtí catagóir na ndrochthionchar beag sa TMTT nuashonraithe seo. Níl trí dhrochthionchar nach raibh suntasach a bhí in TMTT 2018 (PRO 242, 482 agus 483) san áireamh níos mó sa TMTT nuashonraithe seo mar gheall ar fhorbairtí tithíochta ar na tailte sin.

Cuimsítear sa limistéar staidéir talmhaíochta feadh na forbartha bóthair atá beartaithe limistéar na ndáileachtaí talún uile a rachfar i gcion go díreach orthu i.e. thart ar 1,078 heicteár. Gheofar seilbh ar thart ar 220 heicteár talún (214.5 heicteár go buan agus 5.5 heicteár go sealadach), arb ionann é sin agus thart ar 20% den limistéar staidéir. Rachaidh deighilt talún i gcion ar 61 dáileacht talún agus beidh 166 heicteár talún deighilte – thart ar 15% den limistéar lena mbaineann. I ndiaidh an mhaolaithe, áfach, cuirfear rochtain éifeachtach ar na tailte deighilte ar fáil. Tá an tionchar foriomlán iarmharach ar an talmhaíocht feadh an Tionscadail (i.e. laistigh de Theorainn na Measúnachta) ina dhrochthionchar measartha.

I dTuarascáil Chigire an Bhoird Pleanála dar dáta an 22 Meitheamh 2021, chomhaontaigh Cigire ABP leis an measúnú i dtéarmaí na rochtana, an torainn, an dusta agus an tsuaite. Comhaontaíonn siad freisin leis an measúnacht talmhaíochta agus gur drochthionchar measartha é, ar an iomlán, ar an talmhaíocht agus go bhfuil roinnt tionchar trom ann a dtabharfar aghaidh orthu tríd an bpróiseas CPO.

*Meastar nach bhfuil tionchair ar dhraenáil agus tionchar buan an tsuaite mar thoradh ar thrácht, torann, astaíochtaí aeir agus soilsiú ina thionchar suntasach.*

*Meastar an tionchar foriomlán iarmharach ar an talmhaíocht feadh an FBB a bheith ina dhrochthionchar measartha.*

*Is dócha go mbeidh athruithe móra ar a n-oibríochtaí, bainistíocht agus scála ag teastáil ar na fiontair thalmhaíochta a mbeidh drochthionchar suntasach nó trom orthu, agus sa deireadh is ábhar cúitimh é seo.*

Go tábhachtach, ba é sin tuairim cigire neamhspleách de chuid an Bhoird Pleanála, agus breithniú déanta go mion aige tar éis fianaise a chloisteáil ó go leor daoine ar a shon agus ina choinne, a tharraing anuas ábhair imní maidir leis an tionchar talmhaíochta.

## 14.8 Tionchair Charnacha

Sa chuid seo den chaibidil cuirtear i láthair an mheasúnacht a rinneadh chun scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh an Tionscadal in éineacht le haon tionscadail nó pleananna eile tionchar suntasach a bheith acu go carnach ar thalmhaíocht.

Meastar go dtiocfaidh tionchair shuntasacha, an-suntasach agus throma ó thaobh sócmhainní ábhartha talmhaíochta de ag suíomhanna sonracha ó thógáil agus oibriú an Tionscadail é féin.

Agus tionscadail atá beartaithe agus geallta á sainaithint le haghaidh tionchair charnacha a mheasúnú, rinneadh breithniú ar chláir phleanála Chathair agus Chontae na Gaillimhe, agus sainaithníodh na tionscadail i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCaibidil 21 den TMTT nuashonraithe seo. Ina dhiaidh sin, rinneadh scóip na dtionscadal atá beartaithe agus geallta a mheas do mheasúnacht sa chaibidil seo bunaithe ar fhogasacht choibhneasta agus tionchair thalmhaíochta fhéideartha mar gheall ar na forbairtí atá beartaithe.

I sainaithint na dtionscadal don liosta fada cuireadh na foinsí seo a leanas san áireamh:

- Suíomh gréasáin an Bhoird Pleanála (ABP) (http://www.pleanala.ie/index.htm) – le haghaidh sonraí maidir le Forbairtí Straitéiseach Bonneagair (SIDanna), Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (SHDanna) agus ceadanna a dhéantar ar achomharc
- Údaráis áitiúla (Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe) le haghaidh iarratais phleanála agus ainmniúcháin faoin bplean forbartha áitiúil

Na cineálacha tionscadal a rinneadh a mheas:

- Iarratais Phleanála Áitiúla – na tionscadail úd dá ndéantar iarratas ar chead pleanála trí na húdaráis phleanála áitiúla iad féin, agus sainaithníodh iad ó liostaí iarratas pleanála leis na húdaráis áitiúla
- Forbairtí Tithíochta Straitéisí (SHDanna) – forbairtí cónaithe de chineál agus scála áirithe (m.sh., 100 aonad tithíochta nó cóiríochta do mhic léinn) inar cuireadh iarratais go díreach faoi bhráid an Bhoird Pleanála
- Forbairtí Cónaithe Mórscála (LRDanna) – forbairtí cónaithe de chineál agus scála áirithe (e.g., 100 aonad tithíochta nó cóiríochta do mhic léinn nó níos mó lena gcuimsítear 200 spás leapa nó níos mó) ar a ndearnadh iarratas ar chead pleanála in leith trí na húdaráis phleanála áitiúla
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh (SIDanna) – forbairtí móra bonneagair ag údaráis áitiúla agus eile ina gcuirtear iarratais go díreach faoi bhráid an Bhoird Pleanála

Measadh tréimhse cúig bliana a bheith is iomchuí le haghaidh cuardaigh pleanála, óir bheadh na ceadanna a tugadh níos mó ná cúig bliana ó shin tógtha, leath-thógtha nó á dtógáil den chuid is mó nuair a bhreathnaítear ar na cláir phleanála.

Déantar an tionchar carnach ar thalmhaíocht a bhreithmheas trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar an Tionscadail i gcomhar le forbairtí pleanáilte agus geallta eile, amhail:

- Na bearta SIG (Páirceáil & Taisteal Chathair na Gaillimhe Thoir, Glasbhealach Bhearna, an Glasbhealach idir Gaillimh agus go hUachtar Ard an Bealach Glas idir Gaillimh agus Baile Átha Luain agus an Bealach Rothaíochta idir Cathair na Gaillimhe agus Órán Mór. Téann an Bealach Glas idir Gaillimh agus Conamara i gcion ar dhá dháileacht talún laistigh den limistéar staidéir talmhaíochta don Tionscadal (i.e. MO 489 agus MO 496)
- Sa bhreis ar na forbairtí a liostaítear thuas, scrúdaíodh liosta de 458 forbairt pleanáilte agus geallta i gcóngaracht Chathair na Gaillimhe. Sa liosta seo cuimsítear gach iarratas pleanála a cuireadh faoi bhráid an údaráis áitiúil, nár forbraíodh faoi láthair, agus a bhí laistigh de chrios maolánach 15km ón Tionscadal, rud a d'éiligh Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Rinneadh na ceapaí forbartha atá beartaithe sa 458 iarratas a scrúdú ag úsáid grianghrafadóireacht ón aer (Google Earth 2024) agus sa chás gur ceapaí neamhthalmhaíochta iad (i.e. suite go hiomlán ar shuíomh cónaithe nó tionsclaíoch nó uirbeach nó suite ar thalamh neamhthalmhaíochta e.g. talamh portaigh, foraoiseacht) tá an fhéidearthacht maidir le héifeachtaí talmhaíochta scagtha amach. Tá 81 den 458 ceapach ar láithreáin úrnua. Tá dhá fhorbairt (196160 agus 2460279) suite ar Ráschúrsa na Gaillimhe (MO 691) agus tá siad san áireamh sa Tionscadal, mar sin tá measúnú déanta ar 78 maidir le tionchair charnacha fhéideartha ar an mbonnlíne thalmhaíochta. Tá achar thart ar 75 heicteár ag an 78 forbairt sin le chéile. Ina theannta sin, tá 23 den 78 forbairt phleanáilte suite laistigh den limistéar staidéir don Tionscadal agus tá 55 suite lasmuigh den limistéar staidéir. Tá an 23 forbairt sin suite ar 16 dháileacht talún

Tugtar mionsonraí mheasúnacht charnach na bhforbairtí pleanáilte agus geallta sin leis an Tionscadal in Aguisín A.14.2. Tá achoimre ar thorthaí na measúnachta i dTábla 14.8.

**Tábla 14.8 Achoimre ar na Tionchair Charnacha ar dháileachtaí talún laistigh den limistéar staidéir**

| Catagóir Tionchair | Líon na dtionchar mar gheall ar fhorbairt phleanáilte | Dáileachtaí talún atá i gceist | Líon na dtionchar i gcomhar leis an Tionscadal | Dáileachtaí talún atá i gceist |
|---|---|---|---|---|
| Neamhshuntasach | 13 | 103, 160[1], 198, 213, 489, 496, 498, 501[2], 526 | 13 | 103, 160[1], 198, 213, 489, 496, 498, 501[2], 526 |
| Drochthionchar Beag | 1 | 108 | 1 | 108 |
| Drochthionchar Measartha | 2 | 450, 501[3] | 1 | 450 |
| Drochthionchar suntasach | 7 | 101, 115, 241, 261, 463, 484, 624 | 6 | 101, 241, 261, 463, 484, 501[4] |
| Drochthionchar an-suntasach | - | - | 2 | 115[5], 624[5] |
| Trom | - | - | | - |

[1] Ní raibh tionchar suntasach ag dhá fhorbairt phleanáilte a liostaítear in Aguisín A.14.2 ar dháileacht talún MO 160

[2] Ní raibh tionchar suntasach ag dhá fhorbairt phleanáilte a liostaítear in Aguisín A.14.2 ar dháileacht talún MO 501

[3] De bhreis ar shé fhorbairt phleanáilte a liostaítear in Aguisín A.14.2 a bhfuil tionchar gan bheith suntasach acu ar dháileacht talún MO 501 tá drochthionchar measartha amháin ann

[4] Tá de thoradh ar dhrochthionchar measartha i gcomhar le drochthionchar measartha ón Tionscadal drochthionchar suntasach i ndáileacht talún 501

[5] Tá de thoradh ar dhrochthionchar measartha i gcomhar le drochthionchar measartha ón Tionscadal drochthionchar suntasach i ndáileachtaí talún 115 agus 624

San iomlán tá 23 éifeacht charnach fhéideartha ar 18 ndáileacht talún laistigh den limistéar staidéir:

- Téann an bealach glas atá beartaithe idir Gaillimh agus Uachtar Ard i gcion ar dhá dháileacht talún MO 489 agus MO 496. Gheobhaidh an bealach glas thart ar 0.3 heicteár ón dá dháileacht talún sin agus scarfaidh sé rochtain in MO 489. Ní chuireann tionchair an Bhealaigh Ghlais go suntasach le tionchair an N6 GCRR atá beartaithe ar an dá dháileacht talún sin
- Tá 23 den 78 forbairt phleanáilte suite ar 16 dáileacht talún laistigh den limistéar staidéir don Tionscadal. Tá de thoradh ar an 23 forbairt phleanáilte sin 11 drochthionchar gan bheith suntasach, drochthionchar beag amháin, drochthionchar measartha amháin, sé dhrochthionchar shuntasacha agus dhá dhrochéifeacht charnacha an-suntasach ar na dáileachtaí talún sin

Lasmuigh den limistéar staidéir don Tionscadal tá 55 forbairt phleanáilte lonnaithe a dhéantar a mheasúnú in Aguisín A.14.2 nach bhfuil éifeachtaí suntasacha acu ar dháileachtaí talún talmhaíochta laistigh de limistéar staidéir an Tionscadail.

Bheadh drochthionchar gan bheith suntasach ar thalmhaíocht laistigh den limistéar staidéir (méid íseal tionchair ar bhonnlíne íogaireachta íseal) ag éifeachtaí carnacha an chaillteanais talún (thart ar 25 heicteár) mar gheall ar an 23 forbairt phleanáilte i gcomhar a chéile. Bheadh drochthionchar gan bheith suntasach ar thalmhaíocht laistigh den limistéar staidéir ag éifeachtaí carnacha an chaillteanais talún (thart ar 50 heicteár) mar gheall ar an 55 forbairt phleanáilte suite lasmuigh den limistéar staidéir.

Mar sin, beidh drochthionchar measartha ag an Tionscadal, arna mheasúnú leis féin, nó i gcomhar le forbairtí pleanáilte eile, ar thalmhaíocht laistigh den limistéar staidéir – is é sin le rá nach n-athróidh na forbairtí pleanáilte go suntasach an tionchar iomlán ar an limistéar staidéir talmhaíochta.

Éileoidh na tionscadail a tógadh le déanaí agus a phleanáiltear i gcomhar leis an Tionscadal <1% de limistéar talmhaíochta Chontae na Gaillimhe (337,000 heicteár[14]). Nuair a bhreathnaítear orthu in éineacht leis na

[14] Tábla 2.2 Réamhthorthaí Áireamh Talmhaíochta 2020 ar fáil ag CSO.ie.

treochtaí táirgiúlachta atá ag dul in airde[15] níl an tionchar carnach ar an talmhaíocht i gContae na Gaillimhe ón Tionscadal i gcomhar leis na tionscadail reatha agus phleanáilte a mheastar in Aguisín A.14.2 suntasach.

## 14.9 Achoimre

Baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a thabhairt cothrom le dáta:

- An cur síos ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe chun athruithe beaga sa bhonnlíne mar gheall ar fhorbairtí tithíochta atá suite ar ocht ndáileacht talún talmhaíochta a chur san áireamh
- Chun athruithe ar threoir an EPA maidir le ullmhú TMTT, athruithe ar fhaisnéis staidrimh talmhaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh atá ábhartha don limistéar staidéir agus Beartas Talmhaíochta Comónta nua a tugadh isteach don tréimhse 2023 go 2027 a chur san áireamh. Tagann an mhodheolaíocht i measúnacht 2018 go dlúth le treoirlínte nuashonraithe an EPA (2022) agus dá bhrí sin níl aon athrú ar an modheolaíocht a úsáidtear sa TMTT nuashonraithe seo. Úsáidtear torthaí an áirimh talmhaíochta is déanaí in 2020 sa TMTT nuashonraithe seo. I gcomparáid le torthaí Áireamh Talmhaíochta 2010 a úsáideadh in TMTT 2018, ní chuirtear in iúl i bhfaisnéis chothrom le dáta seo na Príomh-Oifige Staidrimh aon athruithe suntasacha i gcineálacha nó i méideanna feirme atá ábhartha don limistéar staidéir. Ní éilítear i rialacha nua an Bheartais Talmhaíochta Chomónta modheolaíocht athbhreithnithe measúnachta mar, cosúil leis an mBeartas Talmhaíochta Comónta roimhe seo, baineann cineálacha tionchair go príomha le húsáid talún agus laghdú in achar talún
- Aguisíní A.14.1 agus Fíoracha 14.1.1 go 14.1.15 chun athruithe ar sheilbh talún a chur san áireamh
- Leis na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

Trasnóidh an Tionscadal limistéar ar a bhfuil gabháltais bheaga talmhaíochta den chuid is mó. Tá talamh de dhroch-cháilíocht ar an taobh thiar d’Abhainn na Gaillimhe go ginearálta agus cé go bhfuil sé measctha, tá cáilíocht na talún ar an taobh thoir d’Abhainn na Gaillimhe níos fearr. Is é an príomhfhiontar feirmeoireachta eallach mairteola. Tá cion réasúnta ard go maith d’fhiontair eachaithe a bhfuil íogaireacht idir an-íseal agus meánach ag baint leo feadh an Tionscadail.

Gheobhaidh an Tionscadal seilbh ar thart ar 220 heicteár talún ó 192 dáileacht talún, 214.5 heicteár de thógáil talún bhuan agus thart ar 5.5 heicteár de thógáil talún shealadach (i gcomparáid le 219 heicteár ó 195 dáileacht talún i gcaibidil 2018)  agus cruthófar leis talamh deighilte ar 61 dáileacht talún (i gcomparáid le 62 dáileacht talún in TMTT 2018), a mbeidh na tionchair iarmharacha seo a leanas mar thoradh air:

- 100 drochthionchar gan bheith suntasach agus drochthionchar beag i gcomparáid le 103 in TMTT 2018 (52.5% de dháileachtaí talún feadh an Tionscadail, i gcomparáid le 53% i measúnacht 2018)
- Is ionann 41 drochthionchar agus TMTT 2018 (21.5% de dháileachtaí talún feadh an Tionscadail, i gcomparáid le 21% in TMTT 2018
- 39 drochthionchar i gcomparáid le 38 in TMTT 2018 (20.5% de dháileachtaí talún feadh an Tionscadail, i gcomparáid le 19.5% in TMTT 2018)
- 8 ndrochthionchar an-suntasach i gcomparáid le 9 in TMTT 2018 (3.5% de dháileachtaí talún feadh an Tionscadail, i gcomparáid le 4.5% in TMTT 2018)
- Is ionann 4 dhrochthionchar agus TMTT 2018 (2.0% de dháileachtaí talún feadh an Tionscadail)

[15] Ó 2010 go 2020 mhéadaigh líonn na n-eallach agus na gcaorach de 7% agus 14% faoi seach – foinse Tábla AAA08 na Príomh-Oifige Staidrimh d’áireamh 2010 agus Tábla 4.4, Réamhthorthaí Áireamh Talmhaíochta 2020 ar fáil ag https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-coa/censusofagriculture2020-preliminaryresults/livestock/.

Tá an tionchar ar an talmhaíocht laistigh den limistéar staidéir ina dhrochthionchar measartha mar gheall ar an Tionscadal – tá sé sin de réir TMTT 2018.

Nuair a dhéantar measúnú ar éifeachtaí carnacha ó fhorbairtí pleanáilte bóthair, bealaigh ghlais agus tithíochta i gcomhar leis an Tionscadal méadóidh an tionchar carnach ar thrí dháileacht talún ó dhrochthionchar suntasach (MO 115), drochthionchar measartha (MO 501) agus drochthionchar suntasach (MO 624) go drochthionchar an-suntasach (MO 115), drochthionchar suntasach (MO 501) agus drochthionchar an-suntasach (MO 624). Is drochthionchar measartha tionchar carnach an Tionscadail i gcomhar le forbairtí pleanáilte ar an talmhaíocht laistigh den limistéar staidéir, agus níl tionchar carnach an Tionscadail i gcomhar le forbairtí pleanáilte ag leibhéal réigiúnach (i.e. Contae na Gaillimhe) suntasach. Tá an mheasúnacht tionchair charnaigh seo de réir TMTT 2018.

## 14.10 Tagairtí


CSO. (2010) Áireamh Talmhaíochta 2010 ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO.ie).

CSO. (2020) Áireamh Talmhaíochta 2020 ón bPríomh-Oifig Staidrimh – ar fáil ag CSO.ie. (Níl sé san áireamh in TMTT 2018 – ní raibh sé ar fáil)

CSO. *Meánbharra ó 2008–2023 – ar fáil ag CSO.ie.* (sínte go 2023 i gcomparáid le 2015 in TMTT 2018)

EPA. (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil). (2002 agus Dréacht, Meán Fómhair 2015) Treoirlínte Leasaithe ar an bhFaisnéis atá le cuimsiú sna Ráitis Tionchair Timpeallachta.

EPA. (2003 agus Dréacht, Meán Fómhair 2015) Nótaí Comhairle chun Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú.

EPA. (Dréacht, Bealtaine 2017) Treoirlínte ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú sna tuarascálacha um measúnacht tionchair timpeallachta.

EPA. (Bealtaine 2022) Treoirlínte ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú sna Tuarascálacha um Measúnacht Tionchair Timpeallachta. (Níl sé san áireamh in TMTT 2018 – ní raibh sé ar fáil)

Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Droichid, Ag Teacht ar Leibhéal Suntasachta – Tábla 2.1, Imleabhar 2, cuid 5 den Lámhleabhar um Dhearadh do Bhóithre agus Droichid.

Teagasc, 2018 - 2022, Teagasc. 2022 Foilseacháin - *Ballyhaise Dairy Research Farm;* Grass Yields in Ballyhaise Agricultural College , 2018 - *Ballyhaise Open Day Booklet*, (Níl sonraí cothrom le dáta san áireamh in TMTT 2018)

Teagasc 2022, *Teagasc data for grass production at Ballyhaise Agricultural College* (2008 – 2021). (Níl sonraí cothrom le dáta san áireamh i gCaibidil 2018)

CÓBAC, 2022, *Grass Yields UCD, 2022, Table 4, Lyons Systems Herd Annual Report 2022* https://www.ucd.ie/agfood/t4media/UCD%20Systems%20Herd%20Annual%20Report%202022%20Final%20Published%20.pdf (Níl sonraí cothrom le dáta san áireamh i gCaibidil 2018)

Foinsí Leictreonacha

Google Earth (níl sé san áireamh sa liosta tagairtí in TMTT 2018 ach úsáideadh Google Earth mar a shonraítear i gCuid 14.2.3 de TMTT 2018 agus Cuid 14.3.3 den TMTT nuashonraithe seo)

Córas Faisnéise Ithreach Teagasc. (2024) *Data and Downloads* [ar líne] Ar fáil ag: http://gis.teagasc.ie/soils/downloads.php